Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13648/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0100 (COD)**

**ECOFIN 1310**
**CLIMA 410**
**FIN 1165**
**ENV 966**
**ENER 502**
**COMPET 981**
**CADREFIN 243**
**CODEC 1470**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 623 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 623 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 623 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
COM(2025) 623 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

***a ghabhann leis an***

## TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229**

**Iarscríbhinn 1: Achoimre ar an meastóireacht ar thograí a fuarthas faoin nglao ar thograí SIEP**

| Sprioc-am chun togra a chur isteach | An líon tograí a cuireadh isteach | An líon tograí incháilithe agus inghlactha | An líon tograí a mholann an Coimisiún le haghaidh cistiú | An líon tograí a roghnaíodh a fuair iasacht le BEI nó lena idirghabhálaithe | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| **An 19 Deireadh Fómhair 2022** | 3 | 1<br>(CZ) | 1<br>(CZ) | 0 | Tharraing an t□iarratasóir an togra CZ siar agus cuireadh isteach arís é an 20 Meán Fómhair 2023 (an 4ú sprioc-am chun togra a chur isteach) |
| **An 19 Eanáir 2023** | 1 | 0 | 0 | 0 | - |
| **An 19 Aibreán 2023** | 4 | 3<br>(EL, NL, SE) | 2<br>(EL, SE) | 2<br>(EL, SE) | Featured: Síníodh comhaontuithe deontais le haghaidh thograí EL agus SE. Tá na tionscadail á gcur chun feidhme.<br><br>Theip ar thogra NL faoin dá chritéar dámhachtana ach cuireadh isteach arís é go rathúil an 20 Meán Fómhair 2023 (an 4ú sprioc-am chun togra a chur isteach). |
| **An 20 Meán Fómhair 2023** | 15 | 5<br>(CZ, FR, NL) | 5<br>(CZ, FR, NL) | 5<br>(FR) | Roghnaigh an Coimisiún an togra CZ, an dá thogra FR agus an togra NL le haghaidh cistiú. Síníodh gach comhaontú iasachta agus deontais, tá na tionscadail á gcur chun feidhme. |
| **An 19 Eanáir 2024** | 6 | 6<br>(CZ, FR, PL) | 5<br>(CZ, FR, PL) | 1<br>(CZ, PL) | Roghnaigh an Coimisiún dhá thogra CZ le haghaidh cistiú. I gcás aon togra CZ amháin, chuir an tairbhí ullmhú an chomhaontaithe deontais ar ceal mar gheall ar fhoinsí maoinithe eile atá ar fáil. I gcás an tionscadail eile, síníodh na comhaontuithe iasachta agus deontais i mí an Mheithimh 2025.<br><br>Roghnaigh an Coimisiún aon togra PL amháin le haghaidh cistiú ach chuir an tairbhí ullmhú an chomhaontaithe deontais ar ceal. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Roghnaigh an Coimisiún dhá thogra FR le haghaidh cistiú agus cuireadh ar liosta ionadaithe iad mar gheall ar easpa acmhainní atá fágtha i leithdháileadh bhuiséid náisiúnta FR.<br><br>Theip ar thogra FR amháin faoin dá chritéar dámhachtana. |
| **An 17 Aibreán 2024** | 8 | 7 (CZ,IE) | 6 (CZ) | 1 (CZ) | Roghnaigh an Coimisiún cúig thogra CZ le haghaidh cistiú agus tá an próiseas sínithe iasachta fós ar siúl le hidirghabhálaí airgeadais BEI. Dhiúltaigh BEI ina dhiaidh sin don iasacht le haghaidh ceann de na tionscadail, rud a d'fhág nach raibh sí incháilithe don deontas, dá bhrí sin cuireadh ullmhú an chomhaontaithe deontais ar ceal.<br><br>Roghnaíodh aon togra CZ amháin le haghaidh cistiú ón gCoimisiún agus síníodh an iasacht le BEI. Síníodh an comhaontú deontais, agus tá an tionscadal á chur i gcrích in 2025.<br><br>Theip ar thogra IE faoi chritéar dámhachtana. |
| **An 19 Meán Fómhair 2024** | 7 | 6 (CZ, ES, IE) | 4 (CZ, ES) | 1 (ES) | Trí thogra CZ ag fanacht le síniú ar an iasacht BEI.<br><br>Comhaontú deontais ES a síníodh i mí an Mheithimh 2025 agus an tionscadal atá á chur chun feidhme. |
| **An 16 Eanáir 2025** | 2 | 1 (CZ, LV) | 1 (CZ) | 0 | Theip ar thogra LV faoi chritéar dámhachtana.<br><br>Togra CZ ag fanacht le síniú na hiasachta le hidirghabhálaí airgeadais BEI. |
| **An 15 Aibreán 2025** | 3 | 3 (CZ, IE) | 2 (CZ) | 0 | Theip ar thogra IE faoi chritéar dámhachtana.<br><br>Aon togra CZ amháin ag fanacht le síniú na hiasachta le hidirghabhálaí airgeadais BEI.<br><br>Aon togra CZ amháin le síniú ar an iasacht BEI. |

## Iarscríbhinn 2: Tionscadail arna maoiniú ag SIEP

*Liosta de thionscadail roghnaithe SIEP (le comhaontuithe deontais sínithe)*

| | Sprioc-am chun togra a chur isteach | Réigiún/ Críoch | Tuairisc ar an tionscadal | Earnáil | Buiséad | An cineál iasachta | Laghdú measta ar $CO_2$ (t/b) | Cruthú post measta | Líon measta na ndaoine a sroicheadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CZ** | An 20 Meán Fómhair 2023 | An Mhoráiv-An tSiléis | **Teideal an tionscadail**: Ceoláras Ostrava<br><br>Is é is aidhm don tionscadal Ceoláras Ostrava a thógáil ina mbeidh fuaimíocht den scoth agus spás ann le haghaidh suas le 1 300 suíochán. Tacóidh an tionscadal seo le bonneagar cultúrtha a fhorbairt agus cuirfidh sé le hathbheochan Ostrava, a bhí ina cathair mhianadóireachta tráth agus a choinníonn táirgeadh traidisiúnta cruach ar bun fós. Trí ionad cultúrtha nua a bhunú, neartófar tarraingteacht na cathrach dá háitritheoirí agus dá cuairteoirí araon. Tacóidh sé le pleananna níos leithne an réigiúin lena ndírítear ar chlaochlú socheacnamaíoch an réigiúin. | Bonneagar uirbeach, athnuachan agus athghiniúint uirbeach, éifeachtúlacht fuinnimh | **Costais iomlána**: EUR 115.5 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 84 mhilliún (73 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 21 mhilliún (18 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR 10.5 milliún (9 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | N/B | 32 | 151 200 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CZ** | An 17 Aibreán 2024 | Ústí nad Labem | **Teideal an tionscadail**: Nuachóiriú ar chodanna áirithe de bhonneagar iarnróid i Réigiún Ústí nad Labem<br><br>Is é is aidhm don tionscadal na trí chuid seo a leanas den bhonneagar iarnróid a atógáil:<br>• Líne iarnróid in Litoměřice, lena n-áirítear bacainní torainn agus uasbhealach a thógáil in Libochovany;<br>• Droichead iarnróid in Ústí nad Labem;<br>• Droichead iarnróid in Teplice.<br>Cuideoidh an tionscadal chun inoibritheacht na línte iarnróid ríthábhachtacha a chinntiú le haghaidh comaitéireacht laethúil i réigiún Ústí nad Labem. Feabhsóidh sé cáilíocht agus sábháilteacht iompar paisinéirí agus lastais d'iarnród araon agus, ag an am céanna, beidh laghdú de 4-6 dheicibeilí ar thruailliú torainn ó iompar d'iarnród. | Soghluaisteacht inbhuanaithe | **Costais iomlána:** EUR 12.4 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI:** EUR 9.4 mhilliún (76 %)<br><br>**Deontas SIEP:** EUR 1.6 milliún (13 %)<br><br>**Maoiniú dílis:** EUR 1.4 milliún (11 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | N/B | 0 | 165 860 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **SE** | An 19 Aibreán 2023 | Väster-Botten | **Teideal an tionscadail**: Tithíocht Inbhuanaithe agus Inacmhainne don Tionscal agus don tSochaí Ghlas Nua<br><br>Tabharfaidh an tionscadal aghaidh ar an méadú atá ag teacht ar an ngá le tithíocht atá ag bardas Skelleftea trí thacú le seacht gcoimpléasc tithíochta a thógáil ina bhfuil thart ar 750 aonad tithíochta fuinneamhéifeachtúla inacmhainne. Díreoidh an clár tithíochta go príomha ar oibrithe atá ag teacht isteach sa ghigea-mhonarcha ceallra nua Northvolt chomh maith le mic léinn, dídeanaithe agus daoine ar ioncam íseal nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. | Tithíocht, éifeachtúlacht fuinnimh | **Costais iomlána:** EUR 141.8 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI:** EUR 71 milliún (50 %)<br><br>**Deontas SIEP:** EUR 10,6 mhilliún (7 %)<br><br>**Maoiniú dílis:** EUR 60.2 milliún (43 %) | Creatiasacht (scéim iasachta) | N/B | 1 000 | 44 000 |
| **FR** | An 20 Meán Fómhair 2023 | Pays de la Loire | **Teideal an tionscadail**: Bonneagar Soghluaisteachta Inbhuanaithe le haghaidh Seirbhísí Íseal-Astaíochtaí agus Cáilíochtúla<br><br>Is éard atá sa tionscadal feabhas a chur ar bhonneagar iompair inbhuanaithe in Nantes trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: | Soghluaisteacht inbhuanaithe | **Costais iomlána**: EUR 405 mhilliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 200 milliún (50 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | 21 000 | 106 | 1 672 420 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | • Uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar thrí thramlíne.<br>• An flít tramanna a athnuachan (46 fheithicil nua).<br>• Lárionad teicniúil agus oibríochtúil agus mol athsheachadta/malairte ilmhódach a thógáil.<br>• 38 km de raonta rothar a fhorbairt.<br><br>Cuirfidh torthaí an tionscadail feabhas ar fheidhmíocht agus cáilíocht an líonra tramanna, forbrófar idirmhódúlacht, déanfar an tairiscint iompair phoiblí a éagsúlú agus laghdófar brú tráchta. | | **Deontas SIEP**: EUR 30 milliún (7 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR 175 mhilliún (43 %) | | | | |
| **FR** | An 19 Aibreán 2023 | Hauts de France | **Teideal an tionscadail**: MEL in GREEN Mobility (Greenmo)<br><br>Díreoidh an tionscadal ar chodanna éagsúla de bhonneagar iompair phoiblí limistéar Cathrach Lille. Cumhdaítear leis nuachóiriú an ghréasáin tram trí 30 tram a athsholáthar, 42 bhus faoi thiomáint hidrigine a chur i bhfeidhm agus ardáin, iostaí agus saoráidí iompair gaolmhara eile a fheabhsú. Tacóidh sé freisin le plean | Soghluaisteacht inbhuanaithe | **Costais iomlána**: EUR 420.5 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 210 milliún (50 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 31.5 milliún (7 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | 90 155 | 4 332 | 1 182 250 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | rothaíochta uaillmhianach agus bonneagar gaolmhar a fhorbairt chun sábháilteacht rothaithe a fheabhsú. | | **Maoiniú dílis**: EUR 179 milliún (43 %) | | | | |
| **FR** | An 19 Aibreán 2023 | Provence-Alpes-Côte d'Azur | **Teideal an tionscadail**: Tionscadal Leathnaithe Trambhealaigh Marseille (ETNS1)<br><br>Tá sé d'aidhm ag an tionscadal an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• Síneadh 6.2 km a chur le líne trambhealaigh Thuaidh-Theas Marseille.<br>• Foirgnimh stórála, chothabhála agus theicniúla a thógáil le haghaidh rothstoic.<br>• Oibreacha tírdhreachaithe a dhéanamh timpeall an bhonneagair agus na stáisiún trambhealaigh nua.<br><br>Cuirfidh an tionscadal feabhas ar fheidhmíocht agus ar cháilíocht an ghréasáin tram in Marseille, neartóidh sé cáilíocht agus éagsúlacht na seirbhísí iompair phoiblí sa cheantar, ag tairiscint rogha mhalartach ar charranna príobháideacha, ag spreagadh soghluaisteacht bhog agus | Soghluaisteacht inbhuanaithe | **Costais iomlána**: EUR 320 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 100 milliún (31 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 15 mhilliún (5 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR 205 mhilliún (64 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | 16 000 | 75 | 84 800 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | athruithe iompraíochta do shaoránaigh áitiúla agus réigiúnacha i dtreo soghluaisteacht uirbeach níos inbhuanaithe. | | | | | | |
| **EL** | An 19 Aibreán 2023 | An Mhacadóin Thiar | **Teideal an tionscadail**: Aistriú Socheacnamaíoch na Macadóine Thiar<br><br>Tugtar le chéile leis an tionscadal 15 thionscadal i sé bhardas (Argos Orestikou, Kozani, Kastoria, Florina, Eordaia agus Kastoria), a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>• 8 - éifeachtúlacht fuinnimh<br>• 1 - bonneagar bóithre<br>• 2 – cúram sláinte<br>• 1 – cultúr<br>• 1 – turasóireacht | Éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, fóntais phoiblí, bonneagar sóisialta, sláinte, iompar, bóthar | **Costais iomlána**: EUR 80.5 milliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 58 milliún (72 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 14.5 milliún (18 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR 8 milliún (10 %) | Creatiasacht (scéim iasachta) | 8 650 | 200 | 150 000 |
| **NL** | An 19 Aibreán 2023 | Zuid-Limburg | **Teideal an tionscadail**: Uas-scálú Mijnwater céim 1 den Mháistirphlean<br><br>Tacóidh an tionscadal le soláthróir fuinnimh ghlais na hÍsiltíre, Mijnwater, chun a eangach nuálach téimh agus fuaraithe den 5ú glúin a | Téamh agus fuarú ceantair inbhuanaithe | **Costais iomlána**: EUR 176 mhilliún<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 90 milliún (51 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 13.5 milliún (8 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | 42 500 | 10 | N/B |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | fhorbairt i limistéar Zuid-Limburg. | | **Maoiniú dílis**: EUR 72.5 milliún (41 %) | | | | |
| **ES** | An 19 Meán Fómhair 2024 | An Ghailís | **Teideal an tionscadail**: Proyecto CHUAC (Centro Hospitalario Universitario A Coruña)<br><br>Leis an tionscadal, leathnófar agus nuachóireofar Centro Hospitalario Universitario A Coruña (ospidéal nua CHUAC) trí fhoirgnimh nua a thógáil agus na foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú de réir caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh chomhaimseartha, agus trína shaoráidí agus a threalamh leighis a nuachóiriú. | Bonneagar sóisialta, sláinte | **Costais iomlána**: EUR 600 mhilliún<br><br>**Iasacht ó BEI iarrtha**: EUR 450 milliún (75 %)<br><br>**Deontas SEIP iarrtha**: EUR 59.3 milliún (10 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR: 90.7 milliún (15 %) | Tionscadal neamhspleách (iasacht infheistíochta) | N/B | 6 140 | 548 501 |
| **CZ** | An 19 Eanáir 2024 | Ústí nad Labem | **Teideal an tionscadail**: Bearta coigilte fuinnimh a chur chun feidhme - athchóiriú éigeandála ar shoilsiú poiblí agus tógáil saoráidí do thiománaithe bus<br><br>Is éard atá sa chéad tionscadal athchóiriú a dhéanamh ar shoilsiú poiblí lena mbaineann thart ar 6 000 soilse LED i gcathair Ústí nad Labem, lena n-ionadaítear | Coigilteas fuinnimh, bonneagar inbhuanaithe | **Costais iomlána**: EUR 3.4 milliún<br><br>**Iasacht BEI:** EUR 1.7 milliún<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 0.42 milliún | Tionscadal neamhspleách (iasacht idirghabhála) | 851 | N/B | N/B |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | fearais solais sóidiam atá as dáta agus dian ar fhuinneamh. Is éard atá sa dara tionscadal foirgneamh atá fuinneamhéifeachtúil a thógáil do thiománaithe iompair phoiblí – go sonrach le haghaidh tarraingt busanna tralaí, lena n-ionadaítear an foirgneamh atá ag freastal ar thiománaithe bus agus atá dian ar fhuinneamh agus neamhleor ó thaobh oibríochta de. | | **Maoiniú dílis**: EUR 342 324 | | | | |
| **Iomlán do thionscadail mhaoinithe** | | | | | **Costais iomlána**: EUR 2275 mhilliún (100 %)<br><br>**Iasacht BEI**: EUR 1274 mhilliún (56 %)<br><br>**Deontas SIEP**: EUR 198 milliún (9 %)<br><br>**Maoiniú dílis**: EUR 802.7 milliún (35 %) | | **179 156** | **11 895** | **4 004 776** |

**Iarscríbhinn 3: Príomhtháscaire feidhmíochta**

*Comhiomlánaithe ar leibhéal an Aontais, le haghaidh tionscadail a bhfuil comhaontuithe deontais sínithe acu agus lena n-aghaidh sin amháin. Tá na táscairí agus an struchtúr tuairiscithe bunaithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán SIEP.*

| Príomhtháscaire feidhmíochta | | |
|---|---|---|
| **1. An líon deontas a dámhadh** | | EUR 198 milliún |
| 2. An líon iasachtaí a síníodh | | EUR 1 274 mhilliún |
| 2.1. Iasachtaí aonair | | EUR 1 145 mhilliún |
| 2.2. Scéimeanna iasachta | | EUR 129 milliún |
| **3. Foriomlán na hinfheistíochta a slógadh, roinnte mar a leanas** | | EUR 2 275 mhilliún |
| 3.1 An méid maoiniúcháin phríobháidigh a slógadh | | EUR 0 |
| 3.2 An méid maoiniúcháin phoiblí a slógadh | | EUR 2 275 mhilliún |
| **4. An líon tionscadal a fhaigheann tacaíocht, arna mhiondealú mar a leanas** | | 10 |
| 4.1 Tír | CZ | 3 |
| | EL | 1 |
| | ES | 1 |
| | FR | 3 |
| | NL | 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | SE | 1 |
| 4.2 | Réigiún NUTS 2 | An Ghailís | 1 |
| | | Hauts de France | 1 |
| | | Réigiún na Moráive-na Siléise | 1 |
| | | Pays de la Loire | 1 |
| | | Provence-Alpes-Côte d'Azur | 1 |
| | | Réigiún Ústí nad Labem | 2 |
| | | Västerbotten | 1 |
| | | An Mhacadóin Thiar | 1 |
| | | Zuid-Limburg | 1 |
| 4.3 | Críoch um aistriú cóir lena dtacaítear | A Coruña | 1 |
| | | Bouches du Rhone | 1 |
| | | Hauts de France | 1 |
| | | Réigiún na Moráive-na Siléise | 1 |
| | | Pays de la Loire | 1 |
| | | Réigiún Usti nad Labem | 2 |
| | | Västerbotten | 1 |
| | | An Mhacadóin Thiar | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| | Zuid-Limburg | 1 |
| **5. An líon tionscadal a fhaigheann maoiniú faoin tSaoráid** | | 10 |
| **6. An líon tionscadal de réir earnála** | 6.1 Iompar | 3 |
| | 6.2 Bonneagar sóisialta | 2 |
| | 6.3 Fóntas poiblí (uisce, fuíolluisce, téamh ceantair, fuinneamh, bainistiú dramhaíola) | 1 |
| | 6.4 Tacaíocht dhíreach chun an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta a éascú (fuinneamh in-athnuaite, dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh) | 1 |
| | 6.5 Cuspóirí comhshaoil | 1 |
| | 6.6 Bonneagar uirbeach agus tithíocht | 2 |
| | 6.7 Eile | 0 |
| **7. Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, i gcás inarb ábhartha** | | 179 156 t/b |
| **8. Cruthú post, i gcás inarb ábhartha** | Iomlán | 11 895 |
| | Baineann | 5 875 |
| | Fireann | 5 880 |
| | Neamhdhénártha | 140 |

**Iarscríbhinn 4: Liosta de shannadh comhairleach SIEP faoi Mhol Comhairleach InvestEU**

| Tír | Ainm an tSannta | Dul chun cinn | An Cineál Tacaíochta |
|---|---|---|---|
| **Éire** | Sannadh punainne iasachta d'Ollscoil Mhá Nuad (SIEP) | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Bhulgáir** | Comhairle SIEP le haghaidh Choimpléasc Thoir Maritsa | Formheasta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **AE27** | Comhairle SIEP - Gníomhaíochtaí Cothrománacha | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Rómáin** | Bardas Ploiesti - Tacaíocht SIEP (Fochuideachta) | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an Fhrainc** | Teas Dramhaíola Mulhouse | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Ghréig/an Chipir** | Plean Oibre SIEP (an Ghréig agus an Chipir) - gníomhaíochtaí cothrománacha | Formheasta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Fhrainc** | SLNPCA | Formheasta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Ghréig** | Tacaíocht do chur chun feidhme dhícharbónú an tsoláthair leictreachais i réigiúin oileánacha an Aistrithe Chóir sa Ghréig | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an tSeicia** | Tacaíocht ó SIEP do Ústí nad Labem, an tSeicia | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an Rómáin** | Samhail Airgeadais de chuid Electrica Group | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an Spáinn** | SIEP - Tacú le haistriú fuinnimh an bhonneagair iompair in Campo de Gibraltar | Formheasta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Spáinn** | Tacaíocht ó SIEP d'Ospidéal Coruna, an Spáinn | Curtha i gcrích | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Fhrainc** | Iarnród Cathrach Lille | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Fhrainc** | Fuinneamh Muirí Dikwe | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Bhulgáir** | Aistriú Choimpléasc Thoir Maritsa | Curtha i gcrích | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Fhrainc** | EduRenov - Comhairle Airgeadais d'Údaráis Phoiblí Áitiúla | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an Rómáin** | Saoráid Iasachta na hEarnála Poiblí Sásra um Aistriú Cóir, an Rómáin | Formheasta | Beartas, Straitéis & Forbairt Margaidh (Réamhtheachtach) |
| **an Fhrainc** | Bunscoileanna Marseille | Tionscanta | Comhairle maidir le Tionscadal |
| **an Fhrainc** | Plean Críochach um Aistriú Cóir do Réigiún AURA (Comhairle Éadrom) | Formheasta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **an tSeicia** | SIEP - SVS - Bonneagar uisce na Boihéime Thuaidh | Faoi réir formheasa | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an tSlóvaic** | Tacaíocht iarratais ar Dheontas SIEP do Réigiún Banska Bystrica | Faoi réir formheasa | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an tSlóvaic** | Tacaíocht Iarratais ar Dheontas SIEP do Chathair Košice, an tSlóvaic | Faoi réir formheasa | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |
| **an Ghréig/an Chipir** | Saineolaithe SIEP na Gréige agus na Cipire | Tionscanta | Fothú Acmhainneachta agus Comhroinnt Eolais |